Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2022/0084(COD)

13.7.2023

***I
DRÉACHT-TUARASCÁIL

maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le slándáil faisnéise in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachaí an Aontais
(COM(2022)0119 – C9-0121/2022 – 2022/0084(COD))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir: Vladimír Bilčík

Rapóirtéirí do na tuairimí ó choistí comhlachaithe de bhun Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta:
Henna Virkkunen, an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le slándáil faisnéise in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachaí an Aontais (COM(2022)0119 – C9-0121/2022 – 2022/0084(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2022)0119),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus Airteagal 298 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus freisin d'Airteagal 106a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, ar dá mbun a chuir an Coimisiún an togra faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa (C9-0121/2022),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh agus ón gCoiste um Ghnóthaí Bunreachtúla,

– ag féachaint do na litreacha ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha agus ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0000/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) Tá a rialacha slándála faisnéise féin ag institiúidí agus comhlachtaí an Aontais faoi láthair, bunaithe ar a rialacha nós imeachta nó ar a ngníomh bunaidh, nó níl rialacha den sórt sin acu in aon chor. Sa chomhthéacs sin, infheistíonn gach institiúid agus comhlacht de chuid an Aontais iarrachtaí suntasacha chun cineálacha éagsúla cur chuige a ghlacadh, rud a fhágann nach mbíonn malartú faisnéise iontaofa i gcónaí. Toisc nach bhfuil cur chuige coiteann ann, cuirtear bac ar úsáid uirlisí coiteanna, rud a chuireann le tacar rialacha comhaontaithe, ag brath ar riachtanais slándála na faisnéise atá le cosaint.	(1) Tá a rialacha slándála faisnéise féin ag institiúidí agus comhlachtaí an Aontais faoi láthair, bunaithe ar a rialacha nós imeachta nó ar a ngníomh bunaidh, nó níl rialacha den sórt sin acu in aon chor. Sa chomhthéacs sin, déanann gach institiúid agus comhlacht de chuid an Aontais iarrachtaí suntasacha ar chineálacha éagsúla cur chuige a ghlacadh, rud a fhágann nach mbíonn malartú faisnéise iontaofa i gcónaí. Toisc nach bhfuil cur chuige coiteann ann, cuirtear bac ar úsáid uirlisí coiteanna, rud a chuireann le tacar rialacha comhaontaithe, ag brath ar riachtanais slándála na faisnéise atá le cosaint ***agus freisin ar idir-inoibritheacht na n-uirlisí sin***.
	Or. en

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(1a) Tá sé d'oibleagáid ar institiúidí AE Airteagal 15(3) CFAE a chur i bhfeidhm i gcomhréir le prionsabail dhaonlathacha, go háirithe na prionsabail sin a leagtar síos in Airteagal 10(3) CAE agus in Airteagal 42 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'). Mar sin de, ba cheart faisnéis rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh (FRAE) a chruthú agus a aicmiú i gcomhréir leis an bprionsabal maidir le húsáid an aicmithe a íoslaghdú agus i gcomhréir leis an bprionsabal maidir le teorainn ama a chur le fad an aicmithe sin .
	Or. en

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(3a) I gcomhthéacs na slándála faisnéise, ba cheart d'institiúidí agus comhlachtaí an Aontais an idir-inoibritheacht eagraíochtúil a mhéadú agus gníomhú le chéile chun a áirithiú go gcosnófar na líonraí, na córais faisnéise, na sonraí agus an trealamh agus na sócmhainní ábhartha a úsáidtear chun an fhaisnéis a ghabháil, a stóráil, a phróiseáil agus a tharchur.
	Or. en

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) Mar gheall ar ***an bpaindéim a rinneadh le déanaí, tháinig athrú suntasach ar chleachtais oibre le go mbeadh uirlisí cianchumarsáide ina riail. Dá bhrí sin***, rinneadh go leor nósanna imeachta a bhí bunaithe go páirteach ar pháipéar ar a laghad a choigeartú go tapa chun próiseáil leictreonach agus malartuithe faisnéise a chumasú. Éilíonn na forbairtí sin athruithe maidir le láimhseáil agus cosaint faisnéise. Cuirtear na cleachtais nua oibre san áireamh sa Rialachán seo.	(4) ***Le blianta*** beaga anuas, rinneadh go leor nósanna imeachta a bhí bunaithe go páirteach ar pháipéar ar a laghad a choigeartú go tapa chun próiseáil leictreonach agus malartuithe faisnéise a chumasú. Éilíonn na forbairtí sin athruithe maidir le láimhseáil agus cosaint faisnéise. Cuirtear na cleachtais nua oibre san áireamh sa Rialachán seo.
	Or. en

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(5a) Tá sé fíorthábhachtach go gcomhroinnfí FRAE ar bhealach trédhearcach agus tráthúil chun go bhfeidhmeodh institiúidí agus comhlachtaí an Aontais go cuí. Agus an Rialachán sin á chur chun feidhme acu, ba cheart d'institiúidí agus comhlachtaí an Aontais a ndícheall a dhéanamh an trédhearcacht a fheabhsú, úsáid doiciméad rúnda a íoslaghdú, agus teorainn ama a chur lena n-úsáid, féachaint chuige go mbeidh coimircí ann in aghaidh an t-aicmiú a úsáid ar shlí lena gcuirfí cosc ar eintitis an Aontais a gcúram a chomhlíonadh, agus ba cheart doibh a áirithiú go ndéanfar sceithirí a chosaint go leormhaith, agus go mbeidh ardleibhéal cosanta d'fhaisnéis ann i gcomhréir le dlí an Aontais agus i gcomhréir le dea-chleachtais an Aontais.

Or. en

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) Tá an Rialachán seo gan dochar do Rialachán (Euratom) Uimh. 3/1958, Rialachán Uimh. 31 (CEE), 11 (CEFA), lena leagtar síos Rialacháin Foirne Oifigigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CEE, EURATOM) Uimh. 354/83 ón gComhairle, Rialachán (AE) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE)	(6) Tá an Rialachán seo gan dochar do Rialachán (Euratom) Uimh. 3/1958[17], Rialachán Uimh. 31 (CEE), 11 (CEFA), lena leagtar síos Rialacháin Foirne Oifigigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach[18] , Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[19] , Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[20], ***lena n-áirítear na rialacha maidir le haistrithe idirnáisiúnta sonraí pearsanta,*** Rialachán (CEE, EURATOM) Uimh. 354/83 ón

2021/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) [...] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta chun leibhéal ard comhchoiteann cibearshlándála a áirithiú in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais.

gComhairle[21], Rialachán (AE) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[22], Rialachán (AE) 2021/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[23], Rialachán (AE) [...] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[24] lena leagtar síos bearta chun leibhéal ard comhchoiteann cibearshlándála a áirithiú in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais.

---

[17] Rialachán (Euratom) Uimh. 3/1958 lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 24 den Choradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (IO 17, 6.10.1958, lch. 406).

[18] IO L 45, 14.6.1962, lch. 1385.

[19] Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43).

[20] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

[21] Rialachán (CEE, EURATOM) Uimh. 354/83 ón gComhairle an 1 Feabhra 1983 maidir le cartlann stairiúil Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach a oscailt don phobal (IO L 43, 15.2.1983, lch. 1).

[22] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad

[17] Rialachán (Euratom) Uimh. 3/1958 lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 24 den Choradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (IO 17, 6.10.1958, lch. 406).

[18] IO L 45, 14.6.1962, lch. 1385.

[19] Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43).

[20] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

[21] Rialachán (CEE, EURATOM) Uimh. 354/83 ón gComhairle an 1 Feabhra 1983 maidir le cartlann stairiúil Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach a oscailt don phobal (IO L 43, 15.2.1983, lch. 1).

[22] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad

ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1),

[23] Rialachán (AE) 2021/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1092 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 149).

[24] Rialachán [...] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, atá le glacadh

ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1),

[23] Rialachán (AE) 2021/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1092 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 149).

[24] Rialachán [...] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, atá le glacadh

Or. en

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(8) D'fhonn struchtúr foirmiúil a bhunú le haghaidh comhar idir institiúidí agus comhlachtaí an Aontais i réimse na slándála faisnéise, is gá Grúpa Comhordaithe Idirinstitiúideach (an 'Grúpa Comhordaithe') a chur ar bun ina ndéantar ionadaíocht d'Údaráis Slándála uile institiúidí agus chomhlachtaí an Aontais. Gan cumhachtaí cinnteoireachta a bheith aige, ba cheart don Ghrúpa Comhordaithe feabhas a chur ar chomhleanúnachas beartas i réimse na slándála faisnéise agus rannchuidiú le comhchuibhiú na nósanna imeachta agus na n-uirlisí slándála faisnéise ar fud institiúidí agus	(8) D'fhonn struchtúr ***comhchoiteann*** foirmiúil a bhunú le haghaidh comhar idir institiúidí agus comhlachtaí an Aontais i réimse na slándála faisnéise, is gá Grúpa Comhordaithe Idirinstitiúideach (an 'Grúpa Comhordaithe') a chur ar bun ina ndéantar ionadaíocht d'Údaráis Slándála uile institiúidí agus chomhlachtaí an Aontais. Gan cumhachtaí cinnteoireachta a bheith aige, ba cheart don Ghrúpa Comhordaithe feabhas a chur ar chomhleanúnachas beartas i réimse na slándála faisnéise agus rannchuidiú le comhchuibhiú na nósanna imeachta agus na n-uirlisí slándála faisnéise ar fud institiúidí agus

chomhlachtaí an Aontais.	chomhlachtaí an Aontais.
	Or. en

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 14

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(14) Chun críche iad a chur in oiriúint do na cleachtais nua teilea-oibre, ba cheart na ***líonraí*** a úsáidtear chun nascadh le seirbhísí cianrochtana institiúid nó comhlacht an Aontais a chosaint le bearta slándála leordhóthanacha.	(14) Chun críche iad a chur in oiriúint do na cleachtais nua teilea-oibre, ba cheart na ***córais faisnéise líonra, an bonneagar digiteach agus na gairis teirminéil*** a úsáidtear chun nascadh le seirbhísí cianrochtana institiúid nó comhlacht an Aontais a chosaint le bearta slándála leormhaithe.
	Or. en

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 18

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(18) Áirithítear cosaint FAEAMFR freisin trí bhearta teicniúla agus eagraíochtúla a bhfuil feidhm acu maidir le háitribh, foirgnimh, seomraí, oifigí nó saoráidí institiúidí agus chomhlachtaí an Aontais ina ndéantar FAEAMFR a phlé, a láimhseáil nó a stóráil. Déantar foráil sa Rialachán seo maidir le cur chun feidhme próisis bainistithe slándála faisnéise i réimse na slándála fisiciúla, próiseas a chuirfeadh ar chumas institiúidí agus comhlachtaí an Aontais na bearta slándála iomchuí a roghnú dá suíomhanna.	(18) Áirithítear cosaint FAEAMFR freisin trí bhearta teicniúla agus eagraíochtúla a bhfuil feidhm acu maidir le háitribh, foirgnimh, seomraí, oifigí nó saoráidí institiúidí agus chomhlachtaí an Aontais ina ndéantar FAEAMFR a phlé, a láimhseáil nó a stóráil. Déantar foráil sa Rialachán seo maidir le cur chun feidhme próisis bainistithe slándála faisnéise i réimse na slándála fisiciúla, próiseas a chuirfeadh ar chumas institiúidí agus comhlachtaí an Aontais na bearta slándála iomchuí a roghnú dá suíomhanna. ***Ba cheart meastóireacht chríochnúil a dhéanamh ar an mbonneagar slándála, lena n-áirítear seirbhísí. Sa mheastóireacht sin, ba cheart an slabhra soláthair ina iomláine agus an timpeallacht oibríochtúil a chur san***

áireamh.

Or. en

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 21

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(21) Go traidisiúnta, is go neamhspleách a d'fhorbair institiúidí agus comhlachtaí an Aontais a gcórais cumarsáide agus faisnéise, agus níor tugadh dóthain airde ar a n-idir-inoibritheacht ar fud institiúidí agus chomhlachtaí uile an Aontais. Is gá, dá bhrí sin, íoscheanglais slándála a bhunú maidir leis na Córais Cumarsáide agus Faisnéise a láimhseálann ***agus*** a stórálann faisnéis EUCI agus faisnéis neamh-rúnaicmithe araon d'fhonn malartú faisnéise gan uaim leis na geallsealbhóirí ábhartha a ráthú.	(21) Go dtí seo, is go neamhspleách a d'fhorbair institiúidí agus comhlachtaí an Aontais a gcórais cumarsáide agus faisnéise, agus níor tugadh dóthain airde ar a n-idir-inoibritheacht ar fud institiúidí agus chomhlachtaí uile an Aontais. Is gá, dá bhrí sin, íoscheanglais slándála a bhunú maidir leis na Córais Chumarsáide agus Faisnéise (CISanna) lena ndéantar FRAE agus faisnéis neamh-rúnaicmithe araon a láimhseáil***,*** a stóráil ***agus a tharchur*** d'fhonn malartú faisnéise gan uaim leis na geallsealbhóirí ábhartha a ráthú.

Or. en

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 21 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(21a) Déantar an fhaisnéis atá i seilbh eintitis an Aontais a mhalartú freisin tríd an timpeallacht TFC, ar an áitreabh nó trí shócmhainní fíorúla, táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC, mar aon le córais líonra agus faisnéise, bídís faoi úinéireacht eintitis de chuid an Aontais agus á n-oibriú aige, nó á n-óstáil nó á n-oibriú ag tríú páirtí, lena n-áirítear gairis mhóibíleacha, líonraí corparáideacha, agus líonraí gnó nach bhfuil nasctha leis an idirlíon agus aon ghairis atá nasctha leis an timpeallacht TFC.

Or. en

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 24

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(24) Baineann an dlúthchomhar idir institiúidí agus comhlachtaí an Aontais agus an iliomad sineirgí a fhorbraítear eatarthu le méid mór faisnéise a roinnt. Ar mhaithe le slándáil faisnéise rúnaicmithe, ba cheart measúnú a dhéanamh ar iontaofacht institiúide nó comhlachta de chuid an Aontais sula ndéanann siad leibhéal sonraithe FAEAMFR a láimhseáil agus a stóráil.	(24) Baineann an dlúthchomhar idir institiúidí agus comhlachtaí an Aontais agus an iliomad sineirgí a fhorbraítear eatarthu le méid mór faisnéise a chomhroinnt. Ar mhaithe le slándáil faisnéise rúnaicmithe, ba cheart measúnú a dhéanamh ar iontaofacht ***agus cumas*** institiúide nó comhlachta de chuid an Aontais sula ndéanann siad leibhéal sonraithe FAEAMFR a láimhseáil agus a stóráil.

Or. en

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha slándála faisnéise maidir le hinstitiúidí agus comhlachtaí uile an Aontais.	1. Leagtar síos leis an Rialachán seo ***íosrialacha coiteanna*** slándála faisnéise maidir le hinstitiúidí agus comhlachtaí uile an Aontais.

Or. en

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Beidh gach institiúid agus comhlacht de chuid an Aontais freagrach as forálacha an Rialacháin seo a chur chun feidhme laistigh dá eagraíocht agus a próiseas bainistithe riosca um shlándáil	1. Beidh gach institiúid agus comhlacht de chuid an Aontais freagrach as forálacha an Rialacháin seo a chur chun feidhme laistigh dá eagraíocht agus fós a próiseas bainistithe riosca um shlándáil

faisnéise féin á chur san áireamh aici.	faisnéise féin a chur san áireamh. ***Agus a gcreat maidir le slándáil doiciméad á fhorbairt agus á chur chun feidhme acu, déanfaidh institiúidí agus comhlachtaí an Aontais sláine phróisis dhaonlathacha an Aontais a choimirciú. Glacfaidh siad, inter alia, forálacha sonracha i nósanna imeachta tairisceana chun srian a chur le baol na trasnaíochta eachtraí ar fheidhmiú na nósanna imeachta sin. Leis na forálacha sin, tabharfar aghaidh, ar a laghad, ar bhonneagar slándála a fháil agus a chothabháil, ar ghrinnfhiosrúchán eagraíochtaí tríú páirtí agus ar nósanna imeachta maidir le himréiteach slándála i leith na foirne.***
	Or. en

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 6 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfaidh institiúidí agus comhlachtaí an Aontais a láimhseálann agus a stórálann FRAE oiliúint éigeantach a eagrú ar a laghad uair amháin gach 5 bliana do gach duine aonair atá údaraithe chun rochtain a fháil ar FRAE. Eagróidh na hinstitiúidí agus na comhlachtaí lena mbaineann de chuid an Aontais oiliúint shonrach le haghaidh na bhfeidhmeanna sonracha a bhfuil cúraimí slándála faisnéise de chúram orthu.	Déanfaidh institiúidí agus comhlachtaí an Aontais a láimhseálann agus a stórálann FRAE oiliúint éigeantach a eagrú ar a laghad uair amháin gach 5 bliana do gach duine aonair atá údaraithe chun rochtain a fháil ar FRAE. Eagróidh na hinstitiúidí agus na comhlachtaí lena mbaineann de chuid an Aontais oiliúint shonrach le haghaidh na bhfeidhmeanna sonracha a bhfuil cúraimí slándála faisnéise de chúram orthu. ***Déanfaidh eintitis an Aontais, tráth nach déanaí ná ... [sé mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] cúrsaí oiliúna éifeachtacha agus iomchuí a cheapadh agus a chur chun feidhme go comhréireach leis na na rioscaí arna sainaithint i gcomhréir le hAirteagal 5 i gcás gach duine aonair atá údaraithe rochtain a fháil ar FRAE.***
	Or. en

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 2 – pointe e a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ea) sláine, infhaighteacht agus athléimneacht córas agus seirbhísí próiseála a áirithiú.

Or. en

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 3 – pointe a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(aa) na rioscaí do chearta agus saoirsí daoine nádúrtha;

Or. en

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 3 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) leanúnachas gnó agus téarnamh tubaiste;	(f) leanúnachas gnó***,*** athshlánú ó thubaiste ***agus bainistiú géarchéime***;

Or. en

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Ag gníomhú dó trí ***chomhthoil*** agus ar mhaithe le leas coiteann institiúidí agus chomhlachtaí uile an Aontais, déanfaidh an Grúpa Comhordaithe an méid seo a leanas:	2. Ag gníomhú trí ***thriomlach dhá thrian dá chomhaltaí ar a laghad*** agus ar mhaithe le leas coiteann institiúidí agus chomhlachtaí uile an Aontais, déanfaidh an

Grúpa Comhordaithe an méid seo a leanas:

Or. en

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 2 – pointe e a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ea) faireachán a dhéanamh ar a mhéid a chomhlíonann institiúidí agus comhlachtaí an Aontais an Rialachán seo agus freisin ar a mhéid a chomhlíonann siad na treoirdhoiciméid arna mbunú de bhun phointe (c) trí ghlacadh tuarascála meastóireachta bliantúla;

Or. en

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 1 – pointe e a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ea) foghrúpa ar shocruithe riaracháin le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta.

Or. en

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 1 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ca) comhar agus comhordú le CERT-EU a neartú.

Or. en

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 4 – pointe d a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(da) criptiú ó cheann go ceann, go háirithe agus faisnéis íogair neamh-rúnaicmithe á malartú;

Or. en

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 18 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Glacfaidh an Grúpa Comhordaithe doiciméid treorach maidir le cruthú agus aicmiú FRAE.	2. Glacfaidh an Grúpa Comhordaithe doiciméid treorach maidir le cruthú agus aicmiú FRAE. ***Sna treoirdhoiciméid sin, cuirfear san áireamh an prionsabal maidir le húsáid faisnéise rúnaicmithe a íoslaghdú mar aon leis an mbaol go ndéanfaí doiciméid áirithe a ró-aicmiú. Áireofar sna treoirdhoiciméid sin rialacha maidir le haicmiú faisnéise agus ábhar a mheasúnú agus a fhírinniú, d'fhonn an trédhearcacht a mhéadú agus d'fhonn éifeachtaí glasála nach bhfuil bonn cirt leo a sheachaint.***

Or. en

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3a. Tá an tAirteagal seo gan dochar do Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001.

Or. en

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 3 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) an tionscnóir a chur ar an eolas;	(a) an tionscnóir a chur ar an eolas ***gan moill mhíchuí, agus in aon chás tráth nach déanaí ná seachtain amháin tar éis an tÚdarás Slándála a chur ar an eolas faoin sárú***;

Or. en

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 3 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) fógra a thabhairt do na húdaráis inniúla faoin gcomhréiteach iarbhír nó féideartha agus faoin ngníomhaíocht a rinneadh.	(e) fógra a thabhairt do na húdaráis inniúla faoin gcomhréiteach iarbhír nó féideartha agus faoin ngníomhaíocht a rinneadh ***gan moill mhíchuí, agus in aon chás tráth nach déanaí ná seachtain amháin tar éis an tÚdarás Slándála a chur ar an eolas faoin sárú***.

Or. en

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Féadfaidh institiúidí agus comhlachtaí an Aontais glacadh le himréitigh slándála ó thríú tíortha agus ó eagraíochtaí idirnáisiúnta a bhfuil comhaontú um shlándáil faisnéise ag an Aontas leo.	3. Féadfaidh institiúidí agus comhlachtaí an Aontais glacadh le himréitigh slándála ó thríú tíortha agus ó eagraíochtaí idirnáisiúnta a bhfuil comhaontú um shlándáil faisnéise ag an Aontas leo. ***Áiritheoidh siad, ar aon chuma, go gcomhlíonfar na prionsabail faoi mhíreanna 1 agus 2.***

Or. en

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 32 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Beidh rialú tionscnóra ar an doiciméad sin ag an institiúid nó ag an gcomhlacht de chuid an Aontais ar faoina húdarás a chruthaítear doiciméad FRAE. Cinnfidh an tionscnóir leibhéal rúnaicmiúcháin an doiciméid agus beidh sé freagrach as é a scaipeadh i dtosach. Gan dochar do Rialachán 1049/2001, gheofar réamhthoiliú an tionscnóra i scríbhinn roimh ré:	1. Beidh rialú tionscnóra ar an doiciméad sin ag an institiúid nó ag an gcomhlacht de chuid an Aontais ar faoina húdarás a chruthaítear doiciméad FRAE. Cinnfidh an tionscnóir leibhéal rúnaicmiúcháin an doiciméid agus beidh sé freagrach as é a scaipeadh i dtosach. ***Féadfaidh an tionscnóir dul i gcomhairle leis na faighteoirí beartaithe maidir le leibhéal rúnaicmiúcháin doiciméid FRAE, go háirithe i gcás ina mbeidh aon amhras ann faoi nádúr rúnda míre faisnéise agus faoina leibhéal iomchuí rúnaicmiúcháin, agus chun go seachnófaí go ndeanfaí an doiciméad sin a ró-aicmiú. Chun doiciméad FRAE a scaipeadh a chéaduair, déanfaidh an tionscnóir cearta agus oibleagáidí fhaighteoirí na faisnéise a eascraíonn as na Conarthaí a chur san áireamh.*** Gan dochar do Rialachán 1049/2001, gheofar réamhthoiliú an tionscnóra i scríbhinn roimh ré:

Or. en

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 41 – mír 1 – pointe f a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(fa) áiritheoidh úinéir an chórais nó an tÚdarás Oibriúcháin um Ráthú Faisnéise go mbeidh próiseas i bhfeidhm chun leochaileachtaí a shainaithint agus a thuairisciú, lena n-áirítear luaíochtaí inmheánacha agus seachtracha as leochaileachtaí a thuairisciú, de réir mar is iomchuí; déanfar an próiseas sin a

chomhlánú le hiniúchtaí rialta agus tástálacha treáite i gcás inarb iomchuí.

Or. en

Leasú 31

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 52 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Beidh an foghrúpa um chomhroinnt agus malartú faisnéise rúnaicmithe EUCI comhdhéanta d'ionadaithe ón gCoimisiún, ón gComhairle agus ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus oibreoidh sé trí chomhthoil.	2. Beidh an foghrúpa um chomhroinnt agus malartú faisnéise rúnaicmithe (FRAE) comhdhéanta d'ionadaithe ó ***Pharlaimint na hEorpa, ón*** gCoimisiún, ón gComhairle agus ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus oibreoidh sé trí chomhthoil. ***Áiritheoidh an foghrúpa sin go mbeidh sineirgíocht ann idir an gá cosaint a thabhairt do FRAE agus Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 agus áiritheoidh sé nach gcuirfidh an t-aicmiú féin cosc ar nochtadh.***

Or. en

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 54 – mír 1 – pointe -a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(-a) tá oibleagáid dhlíthiúil faoi dhlí an Aontais ann nó comhaontú idirinstitiúideach a tugadh i gcrích idir institiúidí an Aontais ann; nó

Or. en

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 54 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) tá sé cruthaithe go bhfuil gá leis an	(a) tá sé cruthaithe go bhfuil gá leis an malartú ***lena n-áirítear i gcomhréir leis an***

malartú; ***bprionsabal ‘ar bhonn riachtanais eolais’***;

Or. en